CUMANN
Na bPÁISTÍ
MISEANTA

Lá Urnaí Misin na bPáistí
13 Deireadh Fómhair 2017
Leabhar Acmhainne

páistí ag cabhrú le páistí

DUBLIN, IRELAND
WORLD MEETING of FAMILIES
21-26 AUGUST 2018

Seirbhís Urnaí "Bímis inár dTeaghlach"

Ullmhúchán: Iarrann Dia orainn difríocht a dhéanamh, is cuma cé chomh beag is atá sí. Bheith i do mhisinéir a thugtar ar sin. Is faoi theaghlaigh atá Lá Urnaí Misin na bPáistí i mbliana agus faoina bheith inár gcuid de theaghlach mór Dé freisin. Iarr ar gach páiste líníocht a ullmhú faoina dteaghlaigh, iad siúd a dtugann grá agus cúram dóibh sa bhaile, agus bíodh na líníochtaí i lár báire sa phríomhionad spéise don tseirbhís urnaí.

An Príomhionad Spéise: Cruinneog nó Léarscáil an Domhain, taispeántas de líníochtaí na bpáistí, cúig choinnle dhaite - ceann dearg, ceann glas, ceann buí, ceann bán agus ceann gorm (mura féidir leat teacht ar choinnle daite bíodh cinn bhána agat agus cuir ribíní daite timpeall orthu), Paidrín an Mhisin agus Bíobla ar oscailt ag Marcas 1: 29-31.

Iomann Iontrála: They Care for Me (Grow in Love)

Bailiú le Chéile

Ceannaire: In ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh.

Gach aon Duinne: Amen

Ceannaire: Inniu Lá Náisiúnta Urnaí Misin Chumann na bPáistí Miseanta. Lá speisialta is ea é nuair a déarfaidh leanaí paidreacha do riachtanais a chéile agus do pháistí atá ina gcónaí ar fud an domhain. Tá grá ag Dia do gach duine againn agus is mian leis deimhin a dhéanamh de go bhfuil muid slán agus sona agus mar sin thug sé teaghlach do gach duine againn. Tá an Bíobla lán de scéalta faoi leanaí agus a dteaghlaigh agus insítear dúinn conas ar rugadh Íosa i dteaghlach. Mar sin, nuair a bheartaigh Dia teacht ar an saol, bheartaigh sé é sin a dhéanamh i dteaghlach. Táimid bailithe le chéile inniu chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhealach speisialta gur cuid de theaghlach mór Dé muid go léir.

Is iomaí sórt teaghlach atá ann. Rud amháin a bhaineann leo go léir is ea go dtugann Dia grá dóibh. Tá aithne ag Dia ar gach teaghlach agus tugann sé aire dóibh go léir. Agus, ós rud é gur teaghlach Dé muid is deartháireacha agus deirfiúracha muid go léir. Táimid nasctha le chéile agus iarrtar orainn grá agus aire a thabhairt dá chéile. Iarrtar orainn aire a thabhairt go speisialta dóibh siúd atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó a bhfuil eagla orthu. Cuimhnímid inár bpaidreacha inniu ar:

Páiste 1: Páistí na hAfraice (cuir coinneal ghlas in aice na cruinneoige)
Páiste 2: Páistí na hÁise (cuir coinneal bhuí in aice na cruinneoige)
Páiste 3: Páistí na hEorpa (cuir coinneal bhán in aice na cruinneoige)
Páiste 4: Páistí na hAigéine (cuir coinneal ghorm in aice na cruinneoige)
Páiste 5: Páistí Chríocha Mheiriceá (cuir coinneal dhearg in aice na cruinneoige)

Iomann: Connected (Grow in Love & Alive O 6)

Léacht: I sliocht an lae inniu ón soiscéal cloisimid faoi mhuintir Shíomóin Peadar agus conas a chabhraigh Íosa go speisialta le duine acu. Deartháireacha den teaghlach céanna ab ea na chéad aspail ar bhuail Íosa leo nuair a bhí sé ag siúl ar feadh chladach Mhuir na Gailíle, Síomón ar thug Íosa Peadar mar ainm air, agus a dheartháir Aindrias. Baill de theaghlaigh éagsúla ab ea aspail Íosa ach rinneadh teaghlach mór amháin díobh nuair a lean siad Íosa.

Leigheas mháthair chéile Shíomóin Peadar (Marcas 1: 29-31 tógtha ó Grow in Love, Rang a Dó/Cuid 4, lch 63)
Chaith Íosa agus na haspail a lán ama sa cheantar thart ar Mhuir na Gailíle. Chuaigh siad ó bhaile go baile. D'inis Íosa do na daoine i ngach áit faoi Dhia agus faoin ngrá mór atá aige don domhan. Leigheasadh sé daoine uaireanta a bhí tinn. Thaispeáin sé do dhaoine conas grá a thabhairt dá chéile faoi mar a theastaigh ó Dhia. Lá amháin, tháinig Íosa agus a chairde go baile ar a dtugtar Cafarnáúm, agus thosaigh Íosa ag múineadh na ndaoine ansin. Bhí Síomón Peadar agus Aindrias ina gcónaí i mbaile Cafarnáúm, agus mar sin chuaigh Íosa agus cuid dá aspail eile, lena n-áirítear Séamas agus Eoin, go dtí a dteach. Ach chomh luath agus a tháinig sé chuala Íosa go raibh máthair chéile Shíomóin Peadar sínte sa leaba agus í go dona tinn. Bhí fiabhras uirthi agus bhí imní ar a clann go bhfaigheadh sí bás. Chuaigh Íosa chuici láithreach, rug greim ar a láimh, agus chabhraigh léi éirí aníos. D'imigh an fiabhras láithreach agus bhí sí go maith arís. D'éirigh sí agus thosaigh sí ag freastal orthu siúd a bhí sa teach.

Soiscéal an Tiarna. **Gach aon Duine:** Moladh duit, a Chríost.

Páiste 6: Éistfimid le dán ar a dtugtar "Subh Mhilis" a scríobh Séamas Ó Néill. Sa dán seo foghlaimeoimid gur tábhachtaí na daoine ná an teach a bheith glan néata an t-am ar fad. Éist go cúramach agus feicfidh tú cad atá tábhachtach.

Páiste 7: "Subh Mhilis" le Séamas Ó Néill
Bhí subh mhilis
Ar bhaschrann an dorais
Ach mhuch mé an corraí
Ionam a d'éirigh,
Mar smaoinigh mé ar an lá
Nuair a bheas an bhaschrann glan,
Agus an lámh bheag
Ar iarraidh.

Tabhair cuireadh do triúr páistí rud éigin a léamh atá ullmhaithe acu faoin teideal "Na Rudaí is Fearr Liom faoi mo Theaghlach"

Páiste 8: Is féidir libh a fheiceáil nach ionann i gcónaí na rudaí is fearr linn faoinár dteaghlaigh. Uaireanta bímid an-sona go deo, ach bíonn uaireanta eile ann nuair a bhímid brónach. Is féidir linn bheith in achrann lenár ndeartháir nó lenár ndeirfiúr agus uaireanta eile is féidir leis na daoine fásta bheith ag fógairt orainn toisc nach ndearnamar na rudaí a dúradh linn. Tarlaíonn sé seo do gach duine againn ach déanaimid dearmad ar na huaireanta sin agus bímid sona sásta arís.

Ceannaire: Is minic a dhéanaimid neamhshuim dár dteaghlach. Ar an drochuair tá go leor leanaí sa saol seo nach bhfuil teaghlaigh shona ná tithe deasa acu. Bíonn cónaí orthu i slumaí bochta gan uisce, teas ná áiseanna cearta cócaireachta nó is féidir leo maireachtáil fiú ar na sráideanna is gan acu ach boscaí cairtchláir mar dhídean. Uaireanta tarlaíonn sé sin toisc gur scriosadh a dtithe, agus tithe a gcomharsana agus a gcairde i gcogaí. Uaireanta tarlaíonn sé mar gheall ar thubaiste nádúrtha mar shúnámaí, crith talún nó tuile. Uaireanta, bíonn siad ina ndílleachtaí toisc go bhfuair a dtuismitheoirí bás mar gheall ar cheann de na rudaí sin nó le galar, agus go mbíonn orthu aire a thabhairt dóibh féin agus dá gcuid deartháireacha agus deirfiúracha. Cuimhnímis inár bpaidreacha ar na páistí sin go léir agus ar a dteaghlaigh.

Ár bPaidir

Páiste 9: Go raibh maith agat, a Dhia, as na slite éagsúla agus speisialta go léir a dtagann do ghrása chugainn trínár dteaghlaigh. Cabhraigh linn do ghrá a roinnt le daoine eile go háirithe lenár ndeartháireacha agus lenár ndeirfiúracha ar fud an domhain.

Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

Páiste 10: A Thiarna, guímid ar son na leanaí agus á dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtíortha ina bhfuil cogadh, aimsir chontúirteach, gorta, nó bochtaineacht. Go raibh síocháin acu is go raibh siad slán sábháilte.

Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

Páiste 11: A Thiarna, guímid ar son na ndaoine go léir a fuair bás; cuimhnímid go háirithe ár muintir agus orthu siúd go léir ar thugamar grá dóibh. Go raibh síocháin acu in éineacht leatsa sna flaithis.

Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

Páiste 12: A Thiarna, guímid ar son na ndaoine a fhágann a dteaghlaigh anseo in Éirinn chun cabhrú le páistí atá tinn nó ina n-aonar ar fud an domhain. Is iad sin na misinéirí a thugann leigheas, slánú, oideachas, grá agus cúram do dhaoine eile.

Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

Páiste 13: A Thiarna, guímid ar son na leanaí agus a dteaghlaigh a thagann anseo go hÉirinn chun tosú arís as an nua. Go gcuirimid fáilte rompu agus go dtugaimid cuireadh dóibh a bheith mar chuid dár dteaghlach daonna níos leithne toisc go bhfuil siad uaigneach agus toisc go n-airíonn siad uathu a n-áiteanna cónaithe féin.

Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

Páiste 14: A Thiarna, guímid ar son gach teaghlach ar fud an domhain. Líon a gcroí le do ghrá agus le do shonas.

Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

Ceannaire: Déanaimis comhartha na síochána le chéile le taispeáint go bhfuilimid go léir inár gcuid de Theaghlach Dé!

Urnaí Dheiridh

Ceannaire: Agus muid ag críochnú ár seirbhíse urnaí inniu, abraimis go léir ár nUrnaí Mhisin le chéile ar son gach páiste i ngach áit:

Go roinne
gach páiste ar domhan
grá agus cairdeas
agus go maire siad
i síocháin ghrá Dé
anois agus choíche, Amen

Iomann Deiridh: This Little Light of Mine (Grow in Love)

Cruinniú Domhanda na dTeaghlach!

Beidh Cruinniú Domhanda na dTeaghlach ar siúl i mBaile Átha Cliath i mí Lúnasa seo chugainn. Chuige sin tá Cumann na bPáistí Miseanta (eagraíocht oifigiúil charthanachta leanaí an Phápa don mhisean thar lear) le tacaíocht ó Chruinniú Domhanda na dTeaghlach ag cruthú albaim teaghlaigh le tabhairt chuig Cruinniú Domhanda na dTeaghlach! Is éard a bheidh ann ná bailiúchán digiteach de líníochtaí nó de shaothair ealaíne eile atá cruthaithe ag leanaí mar gheall ar a dteaghlaigh. Tugaimid cuireadh duit páistí agus déagóirí a spreagadh chun páirt a ghlacadh chomh cruthaitheach agus is féidir leo in "Albam na dTeaghlach" de chuid an Chumainn chun deis a thabhairt dóibh a léiriú cé chomh tábhachtach is atá a dteaghlaigh dóibh. Deir an Pápa Proinsias go gcuireann ealaíontóirí feabhas ar an saol trí áilleacht a chruthú! Deir sé freisin gurb ealaín is ea maireachtáil le chéile, gur thuras álainn, foighneach iontach é, agus mar sin cén bealach is fearr atá ann trína bhféadfaidh leanaí agus déagóirí an chaoi a maireann siad le chéile mar theaghlach a léiriú ná trí ealaín! Níl le déanamh agat ach grianghraf a ghlacadh de shaothair ealaíne na leanaí, nó na saothair a scanadh, i ndiaidh an Lae Urnaí Misin inniu agus iad a sheoladh mar ríomhphost chuig an gCumann (missionarychildren@wmi.ie) lena gcur ar taispeáint le linn Chruinniú Domhanda na dTeaghlach (ón 21 go dtí an 26 Lúnasa, 2018) mar ghailearaí digiteach ealaíne! Beimid ag lorg ábhair le cur in "Albam na dTeaghlach" ón 1 Deireadh Fómhair, 2017 go dtí an 31 Iúil, 2018. Tá tuilleadh eolais le fáil ag www.wmi.ie agus www.worldmeeting2018.ie

DUBLIN, IRELAND
WORLD MEETING of FAMILIES
21-26 AUGUST 2018

Aifreann chun ceiliúradh a dhéanamh
ar Lá Urnaí Misin na bPáistí
"Bímis inár dTeaghlach"

An Mhórshiúil Oscailte (Tabhair cuireadh do pháiste chun rud a léamh faoi cad atá á thabhairt go dtí an sanctóir agus cén fáth.)
Tugaimid cruinneog (nó léarscáil den domhan) chun páistí uile an domhain a chur i gcuimhne dúinn. Tugaimid ár gcoinnle a bhfuil dathanna an mhisin orthu: Glas a sheasann do pháistí na hAfraice, buí do pháistí na hÁise, bán do pháistí na hEorpa, gorm do do pháistí na hAigéine, agus dearg do pháistí Chríocha Mheiriceá. Táimid ár mbosca misin freisin (cúpla bonn i soitheach). Déanaimid gan rudaí a thaitníonn linn, chun gur féidir linn rud éigin a thabhairt do dhaoine eile. Tugaimid roinnt líníochtaí a bhaineann lenár dteaghlaigh. Is léiríonn siad sin saol na dteaghlach éagsúil óna dtagaimid agus cuireann siad i gcuimhne dúinn gur teaghlach mór Dé muid go léir. Tugaimid leabhar na Soiscéal cloisfimid inniu faoi mhuintir Shíomóin Peadar agus conas ar chabhraigh Íosa go speisialta le duine acu.

Sagart
Tá Dia ag iarraidh orainn difríocht a dhéanamh, is cuma cé chomh beag. Bheith i do mhisinéir a thugtar ar sin. Inniu Lá Urnaí Misin Chumann na bPáistí Miseanta. Lá speisialta is ea é nuair a déarfaidh leanaí paidreacha do riachtanais a chéile agus do pháistí atá ina gcónaí ar fud an domhain. Is téama na bliana seo ná "Bímis inár dTeaghlach". Tá grá ag Dia do gach duine againn agus is mian leis deimhin a dhéanamh de go bhfuil muid slán agus sona agus mar sin thug sé teaghlach do gach duine againn. Tá an Bíobla lán de scéalta faoi leanaí agus a dteaghlaigh agus insítear dúinn conas ar rugadh Íosa i dteaghlach. Mar sin, nuair a bheartaigh Dia teacht ar an saol, bheartaigh sé é sin a dhéanamh i dteaghlach. Táimid bailithe le chéile inniu chun ceiliúradh a dhéanamh ar bhealach speisialta gur cuid de theaghlach mór Dé muid go léir. Is iomaí cineál teaghlach atá ann. Rud amháin a bhaineann leo go léir is ea go dtugann Dia grá dóibh. Tá aithne ag Dia ar gach teaghlach agus tugann sé aire dóibh go léir. Ós rud é gur teaghlach Dé muid is deartháireacha agus deirfiúracha muid go léir. Táimid nasctha le chéile agus iarrtar orainn grá agus aire a thabhairt dá chéile. Iarrtar orainn aire a thabhairt go speisialta dóibh siúd atá ag maireachtáil i mbochtaineacht nó a bhfuil eagla orthu. Cuimhnímid inár bpaidreacha inniu ar an méid seo:

Páiste 1: Páistí na hAfraice (cuir coinneal ghlas in aice na cruinneoige)
Páiste 2: Páistí na hÁise (cuir coinneal bhuí in aice na cruinneoige)
Páiste 3: Páistí na hEorpa (cuir coinneal bhán in aice na cruinneoige)
Páiste 4: Páistí na hAigéine (cuir coinneal ghorm in aice na cruinneoige)
Páiste 5: Páistí Chríocha Mheiriceá (cuir coinneal dhearg in aice na cruinneoige)

Urnaí
A Dhia ár nAthair, gabhaimid buíochas leat as ár dteaghlaigh. Go raibh maith agat as aithreacha, máithreacha, deartháireacha, deirfiúracha, seantuismitheoirí, aintíní agus uncailí. Cuir áthas inár gcroí a bheith le chéile agus cabhraigh linn grá níos mó a thabhairt duit. Iarraimid é seo trí Íosa, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa mar aon leis an Spiorad Naomh, ina Dhia, trí shaol na saol. Amen.

An Chéad Léacht (Eizicéil 36: 24-28)
Cuireann Eizicéil i gcuimhne dúinn gur leanaí Dé muid go léir agus gur baill muid dá theaghlach.
Bainfidh mé amach sibh as na ciníocha agus baileoidh sibh le chéile ó na coigríocha go léir agus tabharfaidh mé sibh abhaile chuig bhur dtír dhúchais. Croithfidh mé uisce glan oraibh agus beidh sibh glan; scagfaidh mé sibh ó bhur salachar uile agus ó bhur n-íola uile. Tabharfaidh mé croí nua daoibh fosta agus cuirfidh spiorad nua ionaibh; bainfidh mé an croí cloiche as bhur gcorp agus tabharfaidh croí feola daoibh ina áit. Cuirfidh mé mo spiorad ionaibh agus tabharfaidh oraibh siúl de réir mo reachtanna agus mo dheasghnátha a chomhlíonadh go beacht. Cónóidh sibh sa tír a bhronn mé ar bhur n-aithreacha; beidh sibh in bhur bpobal agam agus beidh mise i mo Dhia agaibh.
Briathar an Tiarna.

Salm le Freagra (Salm 100: 1-5) *Gabhaimid buíochas le Dia leis an salm seo toisc go dtugann sé grá dúinne, a chlann féin.*
Freagra: Gabhaimid buíochas leat agus molaimid thú toisc go bhfuil tú maith agus grámhar.
Gairdígí don Tiarna, a thíortha uile;
Fónaigí don Tiarna go lúcháireach.
Tagaigí ina láthair le hamhráin áthais.

Bíodh a fhios agaibh gurb é an Tiarna is Dia ann.
Eisean a rinne sinn; is leis féin sinn.
Sinne a phobal agus caoirigh a pháirce.

Gabhaigí buíochas leis ag dul isteach ina dhoirse daoibh.
Siúlaigí isteach ina chúirteanna le cainticí.
Tugaigí moladh dó agus móraigí a ainm.

Nach maith é go deimhin an Tiarna;
maireann a bhuanghrá go brách.
Is dílis é ó ghlúin go chéile.

An Dara Léacht (Rómhánaigh 12: 8-13)
Insíonn Naomh Pól dúinn sa léacht seo gur mian le Dia ár nAthair go dtabharfaimis grá faoi mar a thugann Íosa
Bíodh an t-almsóir go fial, an fear ceannais go dúthrachtach agus an té a thugann lámh chúnta go gealgháireach. Bíodh bhur ngrá saor ón gcur i gcéill; bíodh fuath agaibh don olc agus cloígí leis an maith. Bíodh grá bráthar agaibh dá chéile agus tugaigí tús urraime dá chéile; bígí dúthrachtach gan leisce, ar lasadh leis an Spiorad, agus ag seirbhís don Tiarna. Bígí suairc le dóchas, seasmhach faoi thrioblóid, ag guí gan staonadh, ag tabhairt riar a gcáis do na naoimh, agus ag cleachtadh na féile.
Briathar an Tiarna.

Gairm an tSoiscéil:
Alleluia, Alleluia,
"Cabhraigh le gach duine, i ngach áit, mé a leanúint," arsa an Tiarna "agus beidh sibh mar dheartháireacha agus dheirfiúracha agam freisin."
Alleluia.

Soiscéal
I sliocht an lae inniu ón soiscéal cloisimid faoi mhuintir Shíomóin Peadar agus conas a chabhraigh Íosa go speisialta le duine acu. Deartháireacha den teaghlach céanna ab ea na chéad aspail ar bhuail Íosa leo nuair a bhí sé ag siúl ar feadh chladach Mhuir na Gailíle, Síomón ar thug Íosa Peadar mar ainm air, agus a dheartháir Aindrias. Baill de theaghlaigh éagsúla ab ea aspail Íosa ach rinneadh teaghlach mór amháin díobh nuair a lean siad Íosa.

Leigheas mháthair chéile Shíomóin Peadar (Marcas 1: 29-31 tógtha ó Grow in Love, Rang a Dó/Cuid 4, lch 63)
Chaith Íosa agus na haspail a lán ama sa cheantar thart ar Mhuir na Gailíle. Chuaigh siad ó bhaile go baile. D'inis Íosa do na daoine i ngach áit faoi Dhia agus faoin ngrá mór atá aige don domhan. Leigheasadh sé daoine uaireanta a bhí tinn. Thaispeáin sé do dhaoine conas grá a thabhairt dá chéile faoi mar a theastaigh ó Dhia. Lá amháin, tháinig Íosa agus a chairde go baile ar a dtugtar Cafarnáúm, agus thosaigh Íosa ag múineadh na ndaoine ansin. Bhí Síomón Peadar agus Aindrias ina gcónaí i mbaile Cafarnáúm, agus mar sin chuaigh Íosa agus cuid dá aspail eile, lena n-áirítear Séamas agus Eoin, go dtí a dteach. Ach chomh luath agus a tháinig sé chuala Íosa go raibh máthair chéile Shíomóin Peadar sínte sa leaba agus í go dona tinn. Bhí fiabhras uirthi agus bhí imní ar a clann go bhfaigheadh sí bás. Chuaigh Íosa chuici láithreach, rug greim ar a láimh, agus chabhraigh léi éirí aníos. D'imigh an fiabhras láithreach agus bhí sí go maith arís. D'éirigh sí agus thosaigh sí ag freastal orthu siúd a bhí sa teach.
Soiscéal an Tiarna.
Gach aon Duine: Moladh duit, a Chríost.

Guí on Phobail
Go raibh maith agat, a Dhia, as na slite éagsúla agus speisialta go léir a dtagann do ghrása chugainn trínár dteaghlaigh. Cabhraigh linn do ghrá a roinnt le daoine eile go háirithe lenár ndeartháireacha agus lenár ndeirfiúracha ar fud an domhain.
A Thiarna, éist linn. Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

A Thiarna, guímid ar son na leanaí agus á dteaghlaigh a bhfuil cónaí orthu i dtíortha ina bhfuil cogadh, aimsir chontúirteach, gorta, nó bochtaineacht. Go raibh síocháin acu is go raibh siad slán sábháilte.
A Thiarna, éist linn. Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

A Thiarna, guímid ar son na ndaoine go léir a fuair bás; cuimhnímid go háirithe ár muintir agus orthu siúd go léir ar thugamar grá dóibh. Go raibh síocháin acu in éineacht leatsa sna flaithis.
A Thiarna, éist linn. Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

A Thiarna, guímid ar son na ndaoine a fhágann a dteaghlaigh anseo in Éirinn chun cabhrú le páistí atá tinn nó ina n-aonar ar fud an domhain. Is iad sin na misinéirí a thugann leigheas, slánú, oideachas, grá agus cúram do dhaoine eile.
A Thiarna, éist linn. Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

A Thiarna, guímid ar son na leanaí agus a dteaghlaigh a thagann anseo go hÉirinn chun tosú arís as an nua. Go gcuirimid fáilte rompu agus go dtugaimid cuireadh dóibh a bheith mar chuid dár dteaghlach daonna níos leithne toisc go bhfuil siad uaigneach agus toisc go n-airíonn siad uathu a n-áiteanna cónaithe féin.
A Thiarna, éist linn. Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

A Thiarna, guímid ar son gach teaghlach ar fud an domhain. Líon a gcroí le do ghrá agus le do shonas.
A Thiarna, éist linn. Gach aon Duine: A Thiarna, cabhraigh linn a bheith mar theaghlach

Ullmhú na dTabhartas: A Dhia ár nAthair, tugaimid chugat ár mbronntanais - arán agus fíon. Tugaimid grá agus maitheas ár dteaghlach chugat in éineacht leo. Cabhraigh linn go léir chun go dtiocfaidh méadú ar an ngrá atá againn duitse agus dá chéile. Iarraimid é seo trí Íosa, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa mar aon leis an Spiorad Naomh, ina Dhia, trí shaol na saol. Amen

Urnaí i ndiaidh Chomaoineach: A Dhia ár nAthair, thángamar gar do do Mhac sa Chomaoineach. Cabhraigh linn teacht gar dá chéile mar theaghlach. Iarraimid é seo trí Íosa, do Mhac, a mhaireann agus a rialaíonn leatsa mar aon leis an Spiorad Naomh, ina Dhia, trí shaol na saol. Amen.

Abraimis urnaí mhisin na bPáistí Miseanta le chéile roimh an bheannacht deiridh.

Go roinne
gach páiste ar domhan
grá agus cairdeas
agus go maire siad
i síocháin ghrá Dé
anois agus choíche, **Amen**

Imígí i síocháin chun grá agus buíochas a ghabháil le Dia as a ghrá agus a mhaitheas go léir. Amen.

Moltaí molta don Aifreann: They Care for Me, Connected, We Come to You Lord Jesus, This Little Light of Min, and Go Tell Everyone

Paidrín an Mhisin



Gluais thar na coirníní chun paidrín an mhisin a rá. Tosóimid leis an chéad choirnín agus déarfaimid an Ár nAthair.
Ar na trí choirnín eile déarfaimid Is é do Bheatha, a Mhuire ar gach coirnín díobh. Ar an gceathrú coirnín déarfaimid an Glóir don Athair. Leanfaimid an patrún seo ansin: Ár nAthair, deich Is é do bheatha, a Mhuire, agus Glóir don Athair, an bealach go léir go dtí go bhfillfimid ar an gcoirnín buí. Ag tús gach deichniúir déarfaimid an phaidir chomhfhreagrach thíos.

Dath GLAS an chéad dath atá againn. Seasann sé do na páistí san AFRAIC: Guímis ar son páistí na hAfraice agus ar son na misinéirí atá ag obair ansin. Go dté a gcuid oibre chun tairbhe gach aon duine. Guímis go mbeidh deireadh le gach troid agus go bhfásfaidh an Eaglais.

Dath DEARG an dara dath atá againn agus seasann sé do na leanaí i gCríocha MHEIRICEÁ: Guímis ar son páistí tíortha Mheiriceá agus na misinéirí atá ag obair ansin. Déanaimis iarracht gach lá chun bealaí nua a fháil chun cabhrú le daoine eile agus a thaispeáint go bhfuil grá againn do gach duine.

Dath BÁN an tríú dath atá againn agus seasann sé do na páistí san EORAIP: Guímid ar son leanaí na hEorpa agus ar son na misinéirí ag obair ansin. Guímid go bhfanfaidh Críostaithe san Eoraip dílis d'Íosa agus go leanfaidh siad ar aghaidh a scaipeadh a bhriathra.

Dath GORM an ceathrú dath atá againn agus seasann sé do pháistí na hAIGÉINE: Guímis ar son leanaí na hAigéine agus ar son na misinéirí go léir atá ag obair ansin. Cuimhnímis freisin ar na Críostaithe go léir ar fud an domhain, go háirithe iad siúd a chónaíonn in áiteanna i bhfad i gcéin.

Dath BUÍ an cúigiú dath atá againn agus seasann sé do pháistí na hÁISE: Guímis ar son leanaí na hÁise agus ar son na misinéirí go léir atá ag obair ansin. Guímis freisin ar son na síochána agus nach ndéanfaimid dearmad go deo orthu siúd atá bocht.

CUMANN NA bPÁISTÍ MISEANTA

Ár bPaidir **Mislúnta**

Go roinne
gach páiste ar domhan
grá agus cairdeas
agus go maire siad
i síocháin ghrá Dé
anois agus choíche,
Amen

64 Lower Rathmines Road, Dublin 6
+353 (0)1 497 2035
missionarychildren@wmi.ie
www.wmi.ie

WORLD MISSIONS IRELAND
SPIRITUAL & PRACTICAL SUPPORT WORLDWIDE
The work of the Pontifical Mission Societies